# 2008

# MEASTACHÁIN

## FÁLTAS agus CAITEACHAIS

DON

# BHLIAIN DAR CRÍOCH
# 31 NOLLAIG 2008

Arna n-ullmhú ag an Rialtas agus arna gcur faoi bhráid Dháil Éireann
faoi réir fhorálacha Airteagal 28 den Bhunreacht.

## NÓTAÍ MÍNITHE

**1. An bunús leis na figiúirí**

Na figiúirí a thaispeáintear le haghaidh fáltas agus caiteachais in 2007, is aschuir réamh-mheasta iad agus léiríonn siad an t-eolas reatha. Tá siad faoi réir athbhreithnithe nuair a bheidh figiúirí dheireadh na bliana ar fáil. Beidh na sonraí lániniúchta le haghaidh 2007 ar fáil sna *Cuntais Airgeadais 2007* agus sna *Cuntais Leithghabhála 2007* atá le foilsiú faoi 30 Meán Fómhair 2008 ar a dhéanaí.

Ós doiciméad réamh-Bhuiséid é seo, ni léirítear sna figiúirí an 'Soláthar Neamh-leithdháilte Táscach' do 2008 a thaispeáintear i dTábla 6 de Chuid I den Dealramh Réamh-Bhuiséid.

**2. Ioncam**

Tá an t-aschur tuartha do 2007 bunaithe ar shonraí go dtí 29 Samhain, agus cuireann sé i gcás go mbeidh gannchion de €1,750 milliún i gcomparáid leis an tuar i leith Bhuiséad 2007. Tá an meastachán ioncaim do 2008 i gcomhréir leis an tuar leasaithe do 2007, agus tá sé bunaithe ar an dlí cánach atá i bhfeidhm faoi láthair.

**3. Caiteachas**

Is figiúirí sealadacha iad na figiúirí tuartha aschuir do 2007 faoi mar a chuir Ranna agus Oifigí iad in iúl. Beidh figiúirí eisiúintí dheireadh na bliana ar fáil go luath mí Eanáir 2008.

Is ionann na figiúirí caiteachais vótáilte sa doiciméad seo agus na cinn a foilsíodh sna *Meastacháin Réamh-Bhuiséid le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2008* i gCuid II den *Dealramh Réamh-Bhuiséid*, a foilsíodh 18 Deireadh Fómhair 2007. Déanann na Meastacháin Réamh-Bhuiséid seo soláthar le haghaidh an chostais mheasta in 2008 chun an leibhéal reatha de sheirbhísí poiblí a choimeád ar siúl. Lena chois sin, cuireadh san áireamh soláthar caipitil neamh-leithdháilte – an méid céanna agus a chuimsítear i dTábla 6 den *Dealramh Réamh-Bhuiséid* – chun freastal ar an méadú atá beartaithe sna clúdaigh chaipitil ilbhliantúla faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (féach Nóta 6 ar lch. 9).

**4. Leithghabhálacha-i-gCabhair**

Taispeáintear caiteachachas vótáilte agus é glan ar Leithghabhálacha-i-gCabhair. Is fáltais iad seo ar féidir le Roinn nó Oifig, le toiliú na Dála, iad a choinneáil chun caiteachas a fhritháireamh in ionad iad a íoc isteach i gCuntas Státchiste an Lárchiste. Cuimsítear sonraí ollchaiteachais vótáilte ag Ranna sa *Dealramh Réamh-Bhuiséid*.

**5. ÁSPC**

Íoctar ranníocaíochtaí ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ní cuid iad den ioncam a íoctar isteach sa Lárchiste.

Ó 1997, níor ghá ranníocaíocht Státchiste chun gannchion ar an CÁS a ghlanadh.

**6. Réamh-mhaoiniú dliteanas pinsean saa todhchaí**

San Acht um an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000 tá soláthar le haghaidh réamh-mhaoiniú cuid den chostas pinsean leasa shóisialaigh agus seirbhíse poiblí sa todhchaí agus le 1% den Olltairgeacht Náisiúnta (OTN) measta a chur ar leataobh sa bhliain chun na críche seo. Leagtar amach an méid abhartha do 2008 i Nóta 7 ar leathanach 9.

**7. Leithdháiltí Caipitil a thabhairt ar aghaidh**

Faoi réir Mhír 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir le Ranna agus le hOifigí caipiteal neamhchaite go dtí oiread agus 10% dá leithdháiltí caipitil vótáilte a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn. In aschur tuartha 2007 tá méid, a shaineofar Lá an Bhuiséid, a eiseofar ón Státchiste agus a chuirfear chun creidiúint Chuntas an Phámháistir Ghinearálta i leith gach Roinn atá i gceist lena chaitheamh in 2008. San Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2008 léireoidh an t-aschur sealadach an caiteachas iarbhír.

**8. An Comhardú Rialtais Ghinearálta (Tábla 1 (a))**

Is slat tomhais é an Comhardú Rialtais Ghinearálta (CRG) ar fheidhmíocht fhioscach na hearnála Rialtais Ghinearálta go léir, ar a n-áirítear an Státchiste, an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), na comhlachtaí státurraithe neamhthráchtála, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) agus Cistí Seach-Bhuiséadacha eile, na hÚdaráis Áitiúla, agus na Coistí Gairmoideachais (CGO). D'áirítí na Boird Sláinte freisin sular lánscoradh iad – is cuid den Státchiste an Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte a cuireadh ina n-ionad.

Dá thoradh sin, ní áirítear idirbhearta laistigh d'earnáil an Rialtais Ghinearálta i dtaca leis an CRG; mar shampla, ní athraíonn íocaíocht ón Státchiste leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an Comhardú Rialtais Ghinearálta. Is ceisteanna iad le socrú ag Eurostat (Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh) teorainn earnáil an Rialtais Ghinearálta a leagan síos, agus an chaoi a gcinntear an chóir cheart chuntasaíochta ESA95 le haghaidh idirbhearta Rialtais Ghinearálta.

I dTábla 1(a) ar lch. 5 tugtar an measúnú is déanaí ar CGR 2007, agus tá sé i gcomhréir le Comhardú Státchiste 2007 i dTábla 1. Tá an figiúr CRG do 2008 i gcomhréir leis an gComhardú Státchiste 2008 i dTábla 1, agus tá sé ar bhonn réamh-Bhuiséid.

**9. Leagan Gaeilge**

Foilsítear an doiciméad seo i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an leagan Gaeilge le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinn Airgeadais www.finance.gov.ie

## TÁBLA 1

## FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS GO hIOMLÁN

| | *Reference* | 2007 | 2008 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Fáltais** | | | |
| Reatha | *Table 2* | 47,998,896 | 49,460,088 |
| Caipitil | *Table 2* | 1,407,482 | 1,456,258 |
| Iomlán | | 49,406,378 | 50,916,346 |
| **Caiteachas** | | | |
| Reatha | *Table 2* | 40,938,157 | 43,612,462 |
| Caipitil | *Table 2* | 10,090,976 | 11,134,270 |
| Iomlán | | 51,029,134 | 54,746,733 |
| **Comhardú Státchiste** | | **-1,622,756** | **-3,830,387** |

## TÁBLA 1(a)

## COMHARDÚ RIALTAIS GHINEARÁLTA

| | 2007 | 2008 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Comhardú Rialtais Ghinearálta** | **899,724** | **-436,017** |
| **% de OTI** | **0.5%** | **-0.2%** |

## TÁBLA 2

## SONRAÍ NA bhFÁLTAS AGUS AN CHAITEACHAIS GO hIOMLÁN

| **Meastachán Fáltas agus Caiteachais - REATHA** | ***Tagairt*** | **2007** | **2008** |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Fáltais** | | | |
| Ioncam Cánach | Nóta 1, Lch. 6 | 47,325,000 | 48,776,000 |
| Ioncam Neamhchánach | Nóta 2, Lch. 6 | 673,896 | 684,088 |
| Iomlán | | 47,998,896 | 49,460,088 |
| **Caiteachas** | | | |
| Glanmhéid Vótáilte (Caiteachas Ranna a Vótáiltear go bliantúil ag an Dáil an Lárchiste) | Nóta 3, Lch. 7 | 36,948,591 | 39,175,838 |
| Ciste Fiachmhúchta) (1) | Nóta 4, Lch. 8 | 465,600 | 489,000 |
| Caiteachas Reatha Neamhvótáilte Eile | Nóta 4, Lch. 8 | 3,523,966 | 3,947,624 |
| Iomlán | | 40,938,157 | 43,612,462 |
| **Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Reatha** | | **7,060,739** | **5,847,626** |
| **Meastachán Fáltas agus Caiteachais - CAIPITEAL** | | | |
| **Fáltais** | | | |
| Ciste Fiachmhúchta (1) | | 465,600 | 489,000 |
| Fáltais chaipitil eile | Nóta 5, Lch. 8 | 941,882 | 967,258 |
| Iomlán | | 1,407,482 | 1,456,258 |
| **Caiteachas** | | | |
| Glanmhéid Vótáilte (Caiteachas Ranna a Vótáiltear go bliantúil ag an Dáil) (2 | Nóta 6, Lch. 9 | 7,699,839 | 8,607,185 |
| Neamhvótáilte (Caiteachas a chuirtear de mhuirear go díreach faoi reachtaíocht áirithe) | Nóta 7, Lch. 9 | 2,391,137 | 2,527,085 |
| Iomlán | | 10,090,976 | 11,134,270 |
| **Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Caipitil** | | **-8,683,494** | **-9,678,012** |
| **Comhardú Státchiste** | | **-1,622,756** | **-3,830,387** |

(1) An soláthar le haghaidh an Chiste Fiachmhúchta, is aistriú é ón gcuntas reatha go dtí an cuntas caipitil.

(2) San fhigiúr 2008 tá méid de €1,039m a comhaontaíodh faoin PFN ach nár leithdháileadh fós ar Ranna agus Gníomhaireachtaí. Tá an soláthar neamh-leithdháilte seo i gcomhréir leis an gceann i dTábla 6 de Chuid 1 den Dealramh Réamh-Bhuiséid.

## NÓTA 1.

**Ioncam Cánach**

| | 2007 | 2008 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Custaim | 285,000 | 300,000 |
| Mál | 5,814,000 | 5,885,000 |
| Cáin ar Ghnóthachain Chaipitil | 3,145,000 | 3,180,000 |
| Cáin ar Fháltais Chaipitil | 383,000 | 400,000 |
| Dleachtanna Stampála | 3,195,000 | 2,950,000 |
| Cáin Ioncaim | 13,605,000 | 14,170,000 |
| Cáin Chorparáide | 6,350,000 | 6,665,000 |
| Cáin Bhreisluacha | 14,545,000 | 15,225,000 |
| Tobhaigh | 3,000 | 1,000 |
| Iomlán | **47,325,000** | **48,776,000** |

## NÓTA 2.

**Ioncam Neamh-Chánach**

| | 2007 | 2008 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Banc Ceannais - Barrachas Ioncaim | 180,000 | 150,000 |
| Airgead Poiblí Fabhraithe as Monaí a Eisiúint | 45,000 | 30,000 |
| Barrachas an Chrannchuir Náisiúnta | 215,000 | 225,000 |
| Díbhinní | 86,227 | 132,450 |
| *Ús ar Iasachtaí* | | |
| Ciste na nIasachtaí Áitiúla | 6,083 | 4,840 |
| Iasachtaí Eile | 4,773 | 7,100 |
| *Fáltais Eile* | | |
| Táillí Chlárlann na Talún | 81,990 | 85,093 |
| Fíneálacha agus Pionóis | 30,844 | 31,055 |
| Fáltais an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide | 13,400 | 11,000 |
| Dleachtanna ó Marathon Petroleum | 7,500 | 6,000 |
| Eile | 3,079 | 1,550 |
| Iomlán | **673,896** | **684,088** |

## NOTA 3.

**Glan-Chaiteachas Reatha Vótáilte**

| **Vóta Uimh** | **Seirbhís** | **2007** €000 | **2008** €000 |
|---|---|---|---|
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 3,469 | 3,547 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 42,173 | 42,348 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 16,013 | 19,183 |
| 4 | Príomh-Oifig Staidrimh | 50,645 | 46,989 |
| 5 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 7,107 | 9,623 |
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 85,296 | 85,435 |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 247,793 | 265,159 |
| 8 | Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc | 651 | 673 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 394,200 | 415,097 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 261,034 | 265,974 |
| 11 | Saotharlann Stáit | 9,449 | 10,111 |
| 12 | Rúnseirbhís | 805 | 823 |
| 13 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 48,863 | 37,867 |
| 14 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 34,626 | 42,867 |
| 15 | Oifig Luachála | 10,977 | 10,923 |
| 16 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 13,243 | 13,928 |
| 17 | Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 1,059 | 1,041 |
| 18 | Oifig an Ombudsman | 6,934 | 8,297 |
| 19 | Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí | 435,737 | 449,551 |
| 20 | Garda Síochána | 1,391,342 | 1,473,735 |
| 21 | Príosúin | 351,010 | 342,432 |
| 22 | Seirbhís Chúirteanna | 63,566 | 68,532 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 38,994 | 40,885 |
| 24 | Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanacha | 405 | 481 |
| 25 | Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil | 874,521 | 859,224 |
| 26 | Oideachas agus Eolaíocht | 7,683,032 | 8,163,466 |
| 27 | Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | 336,724 | 347,968 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 196,336 | 195,455 |
| 29 | Comhar Idirnáisiúnta | 727,454 | 728,880 |
| 30 | Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha | 121,987 | 160,658 |
| 31 | Talmhaíocht agus Bia | 865,373 | 1,039,280 |
| 32 | Iompar | 510,899 | 541,327 |
| 33 | Gailearai Náisiúnta | 8,745 | 10,360 |
| 34 | Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht | 903,225 | 972,363 |
| 35 | Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht | 397,470 | 401,357 |
| 36 | Cosaint | 767,130 | 792,966 |
| 37 | Pinsin Airm | 181,878 | 184,596 |
| 38 | Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh | 8,204,232 | 8,657,092 |
| 39 | Sláinte agus Leanaí | 394,822 | 449,655 |
| 40 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 10,935,459 | 11,490,860 |
| 41 | Oifig an Aire Leanaí | 474,848 | 524,830 |
| | *Fo-iomlán – Caiteachas Reatha Vótáilte (1)* | *37,099,526* | *39,175,838* |
| | Lúide Iarmhéideanna Roinne (2) | 150,935 | |
| | **Íocaíochtaí an Státchiste go hIomlán le haghaidh Glan-Chaiteachais Vótáilte** | **36,948,591** | **39,175,838** |

(1) Léiríonn figiúirí 2007 an t-aschur tuartha is déanaí faoi mar a chuir Ranna iad in iúl. Tá figiúirí 2008 i gcomhréir le Tábla 2A de Chuid II den Dealramh Réamh-Bhuiséid. Féach nóta mínithe 3 ar lch.3.

(2) Is ionann na hiarmhéideanna Roinne agus na méideanna a eisíodh as Cuntas Státchiste an Lárchiste le haghaidh caiteachais Roinne in aon bhliain amháin agus atá gan caitheamh ag deireadh bliana go dtugtar iad ar aghaidh lena n-úsáid sa bhliain dár gcionn. Ní bhíonn aon éifeacht acu ar chaiteachas Roinne atá faoi réir an leithdháilte sna Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Poiblí.

## NÓTA 4.

**Caiteachas Reatha Neamh-Vótáilte**

| | 2007 | 2008 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| *Fónamh don Fhiachas Náisiúnta* | | |
| Ús | 1,635,400 | 1,939,000 |
| Ciste Fiachmhúchta | 465,600 | 489,000 |
| Costais Bhainistíochta Fiachais | 59,000 | 62,000 |
| Fo-iomlán | 2,160,000 | 2,490,000 |
| | | |
| *Caiteachas Reatha Neamh-Vótáilte Eile* | | |
| Ranníocaíocht le Buiséad an AE | 1,580,000 | 1,700,000 |
| Íocaíochtaí le Marathon Petroleum Ireland Ltd. faoin Acht Airgeadais, 1992 | 16,100 | 4,100 |
| Costais Toghcháin | 17,500 | 7,000 |
| Tuarastail agus pinsin don bhreithiúntacht agus do shealbhóirí Oifige Bunreachtúla agus Pinsin agus liúntais do bhaill nó d'iarbhaill áirithe an Oireachtais | 46,863 | 51,206 |
| Íocaíochtaí le Páirtithe Polaitiúla faoi na hAchtanna Toghcháin | 5,400 | 5,550 |
| Síntiús leis an Eagraíocht Forbartha Idirnáisiúnta | 28,433 | 24,233 |
| An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide (Leasú) 1983 | 14,700 | 6,000 |
| Coimisiún Oireachtais | 113,600 | 136,200 |
| Ciste Forbartha na hÁise | 5,775 | 5,775 |
| Ilghnéitheach | 1,195 | 6,560 |
| Fo-iomlán | 1,829,566 | 1,946,624 |
| Iomlán | **3,989,566** | **4,436,624** |

## NÓTA 5.

**Fáltais Chaipitil Eile**

| | 2007 | 2008 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| *Fáltais ón AE* | | |
| An Ciste Comhtháthaithe | 0 | 51,520 |
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa | 105,000 | 50,000 |
| Líonraí Tras-Eorpacha agus fáltais eile on AE | 2,836 | 12,536 |
| | | |
| *Aisíoc Iasachtaí* | | |
| Blianacht faoi Achtanna Ciste na nIasachtaí Áitiúla, 1935 go 1987 | 15,312 | 8,848 |
| Iasachtaí Eile a Aisíocadh: | 400 | 400 |
| | | |
| *Fáltais Chaipitil Eile* | | |
| Díol Maoin Stáit | 25,000 | 70,000 |
| CETRT | 730,146 | 760,000 |
| GFT, FÁS agus Fiontraíocht Éireann | 8,868 | 44 |
| Ceadúnais Teileafónaíochta So-ghluaiste | 52,000 | 10,100 |
| Aistriú ón Vóta Cómhshaoil maidir le Ciste Carbóin | | 3,700 |
| Ilghnéitheach | 2,320 | 110 |
| | | |
| Iomlán | **941,882** | **967,258** |

## NÓTA 6.

**Glan-Chaiteachas Caipitil Vótáilte (1)**

| Vóta Uimh | Seirbhís | 2007 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 6,076 | 6,565 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 11,398 | 10,575 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 339,642 | 356,500 |
| 19 | Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí | 7,601 | 27,436 |
| 20 | Garda Síochána | 46,000 | 48,465 |
| 21 | Príosúin | 23,379 | 36,035 |
| 22 | Seirbhís Chúirteanna | 36,000 | 39,000 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 3,200 | 5,000 |
| 25 | Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil | 1,984,305 | 1,976,881 |
| 26 | Oideachas agus Eolaíocht | 802,600 | 714,400 |
| 27 | Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | 129,155 | 132,000 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 14,855 | 18,927 |
| 29 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 890 | 970 |
| 30 | Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha | 109,801 | 179,823 |
| 31 | Talmhaíocht agus Bia | 299,220 | 320,498 |
| 32 | Iompar | 2,432,670 | 2,274,390 |
| 33 | Gailearaí Náisiúnta | 3,000 | 3,000 |
| 34 | Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht | 470,033 | 454,884 |
| 35 | Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht | 251,805 | 253,320 |
| 36 | Cosaint | 30,000 | 30,000 |
| 38 | Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh | 14,863 | 15,470 |
| 39 | Sláinte agus Leanaí | 36,450 | 41,450 |
| 40 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 538,950 | 545,950 |
| 41 | Oifig an Aire Leanaí | 107,946 | 76,646 |
| | *Fo-iomlán – Caiteachas Caipitil Vótáilte (2)* | 7,699,839 | 7,568,185 |
| | Soláthar Caipitil Neamh-leithdháilte faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (3) | 0 | 1,039,000 |
| | **Caiteachas Caipitil Vótáilte go hIomlán** | **7,699,839** | **8,607,185** |

(1) Faoi réir Mhír 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir le Ranna agus le hOifigí caipiteal neamhchaite go dtí oiread agus 10% dá leithdháiltí caipitil vótáilte a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn. In aschur tuartha 2007 tá soláthar faoin áis seo. Saineofar méid an tsoláthair seo – de réir Vóta – Lá an Bhuiséid, agus áireofar é go deifnídeach san Acht Leithreasaithe. Eiseofar na cistí seo ón Státchiste, agus cuirfear iad do shochar i gcuntas an Phámháistir Ghinearálta do gach Roinn atá i gceist lena gcaitheamh in 2008. Tugadh €159m de chaipiteal ar aghaidh ó 2006 go dtí 2007; ní áirítear an méid seo san aschur tuartha thuas.

(2) Léiríonn figiúirí 2007 an t-aschur tuartha is déanaí faoi mar a cuireadh é in iúl ag Ranna. Tá figiúirí 2008 i gcomhréir le Tábla 3A de Chuid II den Dealramh Réamh-Bhuiséid. Féach nóta mínithe 3 ar lch. 3.

(3) Is ionann an méid seo, i gcomhréir le Tábla 6 de Chuid I den Dealramh Réamh-Bhuiséid, agus an caitheamh caipitil comhaontaithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Leithdháilfear an t-airgead atá i gceist ar Ranna agus Gníomhaireachtaí i mBuiséad 2008.

## NÓTA 7.

**Caiteachas Caipitil Neamh-Vótáilte**

| | 2007 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| *Infheistíochtaí i gComhlachtaí Idirnáisiúnta* | | |
| An tAcht um an mBanc Eorpach Atógála agus Forbartha, 1991 | 304 | 203 |
| Banc Infheistíochta Chomhairle na hEorpa | 3,293 | 0 |
| Ciste Forbartha na hÁise | 1,850 | 2,012 |
| | | |
| *Íocaíochtaí faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 1986* | | |
| Aisíocaíochtaí CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe | 2,010 | 20,000 |
| CETRT | 760,000 | 760,000 |
| | | |
| *Íocaíochtaí Caipitil Eile* | | |
| An tAcht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 | 1,615,580 | 1,689,970 |
| An tAcht Cuanta, 1996 | 4,000 | 3,000 |
| An tAcht Graí Náisiúnta (Leasú), 2000 | 0 | 1,500 |
| Méideanna aistrithe go dtí an Ciste Carbóin | 3,700 | 50,000 |
| Íocaíochtaí Ilghnéitheacha/Eile faoi Reacht | 400 | 400 |
| Iomlán | **2,391,137** | **2,527,085** |